TÁ CIGIRÍ I MBUN FAIREACHÁIN I DO CHEANTARSA FAOI LÁTHAIR. DÉAN CINNTE GO BHFUIL TÚ AG COMHLÍONADH NA RIALACHÁN MAIDIR LE DRAMHAÍL NÓ GEARRFAR FÍNEÁIL ORT.

Tá gach Údarás Áitiúil ag glacadh le Fodhlíthe den chineál céanna d'fhonn cur chuige comhsheasmhach a chinntiú i leith dramhaíl a bhainistiú ar fud na hÉireann.

Tá gach eolas maidir le bainistiú a dhéanamh ar do chuid dramhaíola ar bhealach freagrach agus éifeachtúil agus a oireann duit le fáil ag **www.mywaste.ie**

Breathnaigh ar an láithreán seo chun teacht ar sheirbhísí dramhaíola, ionaid fág anseo agus saoráidí athchúrsála san áit, chomh maith le bealaí le dramhaíl a chosc, a athúsáid agus a uaschúrsáil.

# mywaste


AN bhFUIL TÚ COMHLÍONTACH **MAIDIR LE DRAMHAÍL?**

**NÍ MÓR DUIT ÚSÁID A BHAINT AS CEANN DÍOBH SEO**



**BAILIÚ COIS COSÁIN**

NÓ



**SAORÁID DRAMHAÍOLA ÚDARAITHE**

Comhairle Contae Thiobraid Árann
Tipperary County Council

Faigh tuilleadh eolais ag **www.mywaste.ie**

# CEISTEANNA COITIANTA

## AN mBAINEANN NA FODHLÍTHE SEO LIOM?

**Baineann:** bainfidh na fodhlíthe seo le gach líon tí, árasán, agus áitreabh tráchtála.

## CONAS IS FÉIDIR LIOM CLOÍ LEIS NA FODHLÍTHE SEO?

Chun do chuid dramhaíola a bhainistiú i gceart, ní mór duit a bheith in ann a chruthú go bhfuil:

Conradh i bhfeidhm agat le bailitheoir dramhaíola údaraithe (ceadaítear araid a chomhroinnt ach ní mór cruthúnas ar chomhaontú a chur ar fáil);

NÓ

Is féidir leat a léiriú go mbaineann tú úsáid rialta as saoráid dramhaíola údaraithe.

*féach ar www.mywaste.ie chun saoráid dramhaíola údaraithe a aimsiú i do cheantar

## CÉN FÁTH A BHFUIL GÁ LEIS NA FODHLÍTHE SEO?

- Chun cuidiú leat do chuid dramhaíola a bhainistiú ar an mbealach is lú a dhéanann dochar don chomhshaol;
- Lena chinntiú go dtabharfar do chuid dramhaíola chuig bailitheoir dramhaíola údaraithe a théann ó dhoras go doras nó go dtabharfar í chuig saoráid dramhaíola údaraithe.
- D'fhonn a chinntiú go ndéantar do chuid dramhaíola a scaradh i gceart;
- Chun dumpáil mhídhleathach agus dó ar chúl an tí a laghdú

## CAD A THARLÓIDH MÁ SHÁRAÍM NA DLÍTHE?

Má theipeann ort ceann ar bith de na ceanglais atá sna fodhlíthe a chomhlíonadh, d'fhéadfadh an tÚdarás Áitiúil seo nó ball den Gharda Síochána fógra um pionós socraithe a eisiúint (Uasmhéid €75). Chomh maith leis sin d'fhéadfadh fíneáil suas le €2,500 a bheith mar thoradh air.

## CAD A DHÉANFAIDH MÉ MÁS I MO CHÓNAÍ I mBLOC ÁRASÁN BAINISTITHE ATÁIM?

Baineann na fodhlíthe fós sa chás sin; tá ar an gcuideachta bainistíochta a chinntiú go gcuirtear coimeádáin leordhóthanacha ar fáil le haghaidh dramhaíola iarmharaigh agus dramhaíola in-athchúrsáilte ag pointí stórála dramhaíola ainmnithe. Tá sé d'oibleagáid orthu chomh maith eolas i scríbhinn a chur ar fáil duit maidir leis na socruithe atá i bhfeidhm. Tá sé de fhreagracht ar an áitritheoir ábhar a scaradh laistigh de na hárasáin. Ní mór d'áitritheoirí i ngach árasán a bheith rannpháirteach d'fhonn an córas scartha a chur i bhfeidhm.

## AN bhFUIL AON RUD EILE IS GÁ DOM A DHÉANAMH?

**Tá:** ní mór duit dramhaíl in-athchúrsáilte a scaradh ó do chuid dramhaíola iarmharaigh agus iad a chur i láthair ar leithligh óna chéile. Ní mór duit do chuid dramhaíola bia a scaradh freisin má tá tú ag cur fút i gceantar uirbeach, baile beag nó sráidbhaile ina bhfuil daonra níos mó ná 500 duine.